Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Eanáir 2017**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0003 (COD)**

**5358/17**
**ADD 4**

**TELECOM 12**
**COMPET 32**
**MI 45**
**DATAPROTECT 4**
**CONSOM 19**
**JAI 40**
**DIGIT 10**
**FREMP 3**
**CYBER 10**
**IA 12**
**CODEC 52**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Eanáir 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 4 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le meas ar an saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/58/CE (Rialachán maidir le Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 4 final.

---

Faoi iamh: SWD(2017) 4 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.1.2017
SWD(2017) 4 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le meas ar an saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/58/CE (Rialachán maidir le Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach)**

{COM(2017) 10 final}
{SWD(2017) 3 final}
{SWD(2017) 5 final}
{SWD(2017) 6 final}

| A. An gá atá le beart |
|---|
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í?** |
| Rinneadh an Measúnú Tionchair i gcomhthráth leis an meastóireacht ex post ar an Treoir maidir le ríomh-Phríobháideachas (ePD) faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT).<br>Is é an chonclúid fhoriomlán go bhfuil cuspóirí ePD fós ábhartha.<br>Mar thoradh ar mheastóireacht REFIT sainaithníodh trí phríomhshraith fadhbanna:<br>- Ní thugtar cosaint atá leordhóthanach agus éifeachtach do shaol príobháideach na saoránach le linn dóibh bheith i mbun cumarsáide ar líne;<br>- Ní thugtar cosaint éifeachtach do shaoránaigh i gcoinne margaíocht gan iarraidh;<br>- Tá constaicí roimh ghnólachtaí ar constaicí iad atá cruthaithe ag reachtaíocht ilroinnte agus léirmhínithe éagsúla dlíthiúla ar fud na mBallstát chomh maith le forálacha atá doiléir agus as dáta.<br>Thángthas ar an gconclúid i meastóireacht REFIT go bhfuil scóip i gcomhair simpliú ann, go sonrach maidir le roinnt forálacha agus rialacha forfheidhmithe atá as dáta agus neamhriachtanach.<br>Tacaíonn tuairim ó Ardán REFIT leis sin freisin agus moltar sa tuairim sin go ndéanfaí an chosaint ar shaol príobháideach saoránach a neartú tríd an Treoir maidir le ríomh-Phríobháideachas a chur ar chomhréim leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, go gcuirfí eisceachtaí ó riail an ‘toilithe’ i gcomhair fianán léi agus go dtabharfadh an Coimisiún aghaidh ar fhadhbanna a bhaineann le cur chun feidhme náisiúnta. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an athbhreithnithe:<br>1. Rúndacht éifeachtach maidir le cumarsáid leictreonach a áirithiú;<br>2. Cosaint éifeachtach in aghaidh cumarsáid tráchtála gan iarraidh a áirithiú;<br>3. Feabhas a chur ar chomhchuibhiú agus an creat dlí a shimpliú/a nuashonrú. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh?** |
| Ó tharla go bhfuil aimsiú domhanda ag cumarsáid leictreonach, go háirithe an chumarsáid atá bunaithe ar phrótacail idirlín, tá diminsean na faidhbe i bhfad níos forleithne ná críoch aon Bhallstáit faoi leith. Baineann éagsúlachtaí móra le rialacha náisiúnta ar chumarsáid maidir le raon feidhme agus ábhar. Cé gur féidir le Ballstáit, dá bhrí sin, beartais a achtú lena n-áirithítear nach ndéantar an ceart sin a shárú, ní dhéanfaí é sin a bhaint amach ar bhealach aonfhoirmeach gan rialacha comónta AE agus chruthófaí srianta ar shreabhadh trasteorann sonraí pearsanta a bhaineann le húsáid seirbhísí cumarsáide leictreonaí chuig Ballstáit eile nach gcomhlíonann na caighdeáin chéanna i leith cosaint sonraí.<br>Meastar go gcomhlíonann an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le ríomh-Phríobháideachas atá le teacht an choimhdeacht agus an chomhréireacht tríd an gcur chuige comhchuibhithe agus an sásra maidir le comhar a chaomhnú, agus cead a thabhairt do Bhallstáit bearta maolaithe náisiúnta a ghlacadh chun críocha dlisteanacha sonracha ag an am céanna. |
| B. Réitigh |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha tosaíochta ann** |

| nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth? |
|---|
| Tá na roghanna curtha i ngrúpaí de réir an leibhéil fáis san uaillmhian atá iontu (i.e. is í rogha 1 an rogha is lú uaillmhian agus is í rogha 4 an rogha is mó uaillmhian) maidir leis na cuspóirí thuas a bhaint amach (príobháideachas agus simpliú). Breithnítear aisghairm an ePD i rogha 5.<br><br>1. <u>Rogha 1</u>: **Bearta neamhreachtacha ("reachtaíocht bhog")**: Áirítear inti treoir atá curtha ar fáil ag an gCoimisiún, spreagadh i leith tionscnaimh féinrialála agus bearta eile maidir le reachtaíocht bhog<br><br>2. <u>Rogha 2</u>: **Treisiú teoranta ar phríobháideachas/rúndacht agus comhchuibhiú**: forálann sí do threisiú íosta ar chearta príobháideachais/rúndachta (trí raon feidhme na hionstraime ríomh-Phríobháideachais a shoiléiriú cumhdaítear OTTanna, feistí Wi-Fi agus IoT atá ar fáil go poiblí) agus do chosaint in aghaidh glaonna gan iarraidh na rialacha reatha a shoiléiriú agus réimír chaighdeánach a fhorchur) agus do shimpliú (forálacha slándála a aisghairm, comhoibriú a threisiú i gcásanna trasteorann)<br><br>3. <u>Rogha 3</u>: **Treisiú tomhaiste ar phríobháideachas/rúndacht agus comhchuibhiú:** forálann sí do threisiú níos suntasaí ar chearta príobháideachais/rúndachta (leathnú ar an raon feidhme, feabhas ar thrédhearcacht socruithe príobháideachais, níos mó trédhearcachta, treisiú ar chumhachtaí forfheidhmithe) cosaint in aghaidh cumarsáid gan iarraidh (liostáil roghnach a thabhairt isteach i gcás glaonna margaíochta) agus simpliú (na heisceachtaí a leathnú amach, forálacha neamhriachtanacha a aisghairm tuilleadh agus forfheidhmiú a chuíchóiriú trí chumhachtaí a chur de chúram ar na húdaráis atá freagrach as RGCS a fhorfheidhmiú agus sásra comhsheasmhachta RGCS a leathnú amach).<br><br>4. <u>Rogha 4</u>: **Treisiú forleathan ar phríobháideachas/rúndacht agus comhchuibhiú:** forálann sí do bhearta níos forleithne sa bhreis ar Rogha 3, amhail toirmeasc ginearálta ar “bhallaí fianán”, aisghairm na heisceachta i gcás caidreamh gnó roimhe sin maidir le ríomhphost agus margaíocht SMS, aisghairmeacha breise agus cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin.<br><br>5. <u>Rogha 5</u>: **An ePD a aisghairm:** forálann sí d'aisghairm an ePD agus infheidhmeacht RGCS a leanann, lena n-áirítear an córas forfheidhmithe, chun cosaint a dhéanamh ar rúndacht sonraí pearsanta a bhaineann le cumarsáid leictreonach; córas rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm go ginearálta i gcás cumarsáid gan iarraidh agus sásra comhsheasmhachta RGCS a chur i bhfeidhm. |
| **Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla? Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?** |
| - Bíonn tionchar ag an leibhéal cosanta a thugtar do rúndacht a gcuid cumarsáide ar chearta **saoránach**. Bheidís i bhfabhar roghanna a threiseodh a gcearta, amhail Rogha 2, 3 agus 4.<br>- Thacódh **údaráis náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí** le roghanna a mbeadh cosaint níos fearr agus níos comhsheasmhaí ar phríobháideachas mar thoradh orthu amhail Roghanna 2, 3 agus 4.<br>- Is iad na **soláthraithe cumarsáide leictreonaí** príomhsheolaithe oibleagáidí an ePD. Bheidís go mór i bhfabhar Rogha 5. Mar dhara rogha, b’fhéidir go nglacfaidís le roghanna 2 agus 3 a áirithíonn go mbíonn OTTanna atá in iomaíocht le chéile faoir réir na rialacha céanna.<br>- Bheadh soláthraithe **Seirbhísí Cumarsáide de mhuin an Idirlín** i bhfabhar Rogha 1 agus 5 freisin mar gurbh fhearr leo, de ghnáth, gan a bheith faoi réir ceanglais rialála níos déine. Is í Rogha 3 is mó a mbeadh glacadh léi i ndiaidh an dá cheann sin, mar gheall ar an lamháil solúbthachta a áirithítear léi.<br>- Tá sé soiléir gurbh fhearr le **foilsitheoirí suíomhanna gréasáin agus le hoibreoirí OBA** |

Rogha 5 ar na cúiseanna céanna le ECS agus OTTanna.

- Bheadh **soláthraithe brabhsálaithe** faoi réir freagrachtaí sonracha faoi Rogha 3. Dá bhrí sin, ní thacóidís le Rogha 3 agus 4.
- Go ginearálta, thacódh **FBManna** le Rogha 1 agus 5. Más ECS iad, thacóidís le Rogha 2 agus 3 i gcomhair cothrom iomaíochta le OTTanna. Más OTTanna iad, b'fhearr leo roghanna 1 agus 5, agus is í Rogha 3 an rogha is mó a bhfuil glacadh léi ina ndiaidh sin.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Is í rogha 3 an rogha tosaíochta. Is iad seo a leanas na príomhbhuntáistí:

- Feabhas a chur ar chosaint na rúndachta le sainmhíniú atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, rialú úsáideora agus ceanglais trédhearcachta níos fearr agus forfheidhmiú níos éifeachtaí.
- Feabhas a chur ar chosaint in aghaidh cumarsáid gan iarraidh, a bhuíochas do liostáil roghnach a thabhairt isteach i gcás glaonna margaíochta, réimír a thabhairt isteach agus mar thoradh air sin glaonna margaíochta anaithnide a chosc chomh maith le féidearthachtaí níos fearr maidir le glaonna ó uimhreacha gan iarraidh a bhacadh.
- Simpliú a dhéanamh tríd an timpeallacht rialála a chomhchuibhiú agus a shoiléiriú, a bhuíochas don lamháil solúbthachta a fhágtar ag na Ballstáit a laghdú, forálacha atá as dáta a aisghairm agus na heisceachtaí do rialacha an toilithe a leathnú.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Táthar ag súil go mbeidh coigiltis i gceist leis an rogha tosaíochta mar thoradh ar chomhchuibhiú agus ar shimpliú sa bhreis. Mar shampla, tá coigiltis suas le 70 % de na costais a bhaineann le ríomh-Phríobháideachas ríofa trí bhainistíocht láraithe ar roghanna príobháideachais uair amháin do gach suíomh gréasáin agus feidhmchlár.

Ag leibhéal na n-aicmí sonracha de pháirtithe leasmhara, bheadh ar **gníomhaithe OTT** roinnt costais a thabhú i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht a múnlaí gnó. Mar sin féin, ní cheaptar go mbeidh costais den sórt sin suntasach. D'fhéadfadh **foilsitheoirí suíomhanna gréasáin** costais bheaga a bhaineann le hoiriúnú a thabhú. Bheadh ar **bhrabhsálaithe agus ar sholáthraithe feidhmchlár den sórt céanna a chumasaíonn rochtain ar an idirlíon** costais shuntasacha a thabhú chun a áirithiú go gcuirfí na roghanna iomchuí maidir lena socruithe príobháideachais faoi bhráid úsáideoirí. Thabhódh **margóirí** roinnt costais tar éis liostáil roghnach do ghlaonna margaíochta a bheith tugtha isteach.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid agus ar riaracháin náisiúnta?**

Thiocfadh na príomhthionchair ar bhuiséid agus ar riaracháin náisiúnta ón sásra comhsheasmhachta a chur chun feidhme agus an gá a d'fhéadfadh a bheith le hinniúlachtaí forfheidhmithe a ath-leithdháileadh ar DPAnna amháin. Ní cheaptar gur tionchar mór a bheidh ann, mar go bhfuil seans go bhféadfaí leas a bhaint as na sineirgí atá ann cheana féin le comhlachtaí comhordaithe AE (e.g. sa réimse cosanta sonraí).

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Ní bheidh

| **Comhréireacht?** |
|---|
| Cuimsíonn rogha na tosaíochta bearta cothroma, a cheaptar a bheith riachtanach chun na cuspóirí atá i gceist a bhaint amach gan ualach róthrom a chur ar na páirtithe leasmhara ábhartha. Ina theannta sin, tá dearadh na mbeart solúbtha, chun foráil a dhéanamh do na heisceachtaí riachtanacha, chomh maith le bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de chun saobhadh iomaíochta a íoslaghdú agus cothrom iomaíochta a áirithiú. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfar faireachán leanúnach a áirithiú, inter alia, trí thuairisciú don Choimisiún ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. |